Tionscnamh – Scríobh Leabhar as Gaeilge

Tugtar cuireadh duit a bheith páirteach sa tionscnamh
SCRÍOBH LEABHAR
atá á reáchtáil ag Foras na Gaeilge i gcomhpháirt
le hIonad Oideachais Laoise
Is í aidhm na scéime seo ná páistí a spreagadh
chun tabhairt faoi leabhair Ghaeilge a scríobh.

Tugtar cuireadh duit páirt a ghlacadh sa scéim agus leas a bhaint as na deiseanna seo:

- Freastal ar chúrsa oiliúna do mhúinteoir amháin ó gach scoil a chláraíonn don scéim
- CD Rom le leabhair Ghaeilge scríofa ag páistí a fháil
- Teastas do gach páiste a scríobhann leabhar
- Freastal ar an oíche cheiliúrtha ag Bronnadh na nDuaiseanna i 2012.

Cúrsa Oiliúna do mhúinteoirí

Tugtar cuireadh do mhúinteoir amháin ó gach scoil freastal ar chúrsa oiliúna a bheidh ar siúl thar dhá oíche don Tionscnamh le Leabhar a Scríobh as Gaeilge.
Eolas breise agus foirm chláraithe ar chúl

Ceiliúrann **Scríobh Leabhar** samhlaíocht agus cruthaitheacht na ndaltaí, agus cothaíonn sé deis dóibh a bheith ina bhfíor údair agus a bheith ag scríobh do lucht éisteachta níos leithne ná mar a bhíonn acu de ghnáth.

Is áis iontach do mhúinteoirí í an tionscnamh **Scríobh Leabhar** chun scríbhneoireacht na ndaltaí a fhorbairt agus a fheabhsú díreach mar atá molta i gCuraclam na Bunscoile 1999. Chomh maith leis sin is féidir leis an múinteoir leabhair na bpáistí a úsáid mar ábhar measúnaithe sa Ghaeilge. Cruthaíonn an obair seo nasc idir na hábhair, Gaeilge agus na hAmharcealaíona, chomh maith leis na hábhair uile eile a chomhtháthú don pháiste agus don mhúinteoir

Gheobhaidh gach páiste a scríobhann leabhar don tionscnamh teastas rannpháirtíochta. Roghnófar leabhair faoi leith as gach rang chun gradaim a fháil, agus bronnfar teastais agus duaiseanna speisialta ar údair na leabhar sin ag ócáid i 2011.



Gheobhaidh gach scoil a ghlacann páirt sa tionscnamh CD ROM ag deireadh na bliana le samplaí de leabhair scríofa ag páistí don tionscnamh. Beidh an CD seo ina áis luachmhar do mhúineadh na Gaeilge chomh maith.

Má tá suim agaibh a bheidh páirteach sa scéim déan teagmháil le Yvonne roimh 24 Deireadh Fómhair ar a dheireanaí. Fón: 057 8672400 nó R-phost: yvonne@laoisedcentre.ie